# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

## LÉANN CLASAICEACH – ARDLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

- Tá ceisteanna ar DHEICH dTOPAIC ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí eagraithe ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar CHEITHRE THOPAIC mar seo a leanas:
  Ní mór topaic amháin a roghnú as *gach grúpa* ar leith de na trí ghrúpa, agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag gabháil le gach topaic.

- Na fótagraif a bhfuil gá leo chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar leis seo a bhfuil **X** marcáilte air.

## GRÚPA 1: Na Topaicí 1 go 4

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) In 415 RC, rinne Tionól na hAithine díospóireacht ar an bhFeachtas Chun na Sicile.

(a) Cad iad na príomhargóintí a rinne Nicias in aghaidh an fheachtais? (20)

(b) Cad iad na príomhargóintí a rinne Alcaibiaidéas ar son an fheachtais? (20)

(c) Dar leatsa, cé acu duine den bheirt fhear, Nicias nó Alcaibiaidéas, a rinne an argóint ba láidre. Déan tagairt don díospóireacht mar thacaíocht le do fhreagra. (10)

(ii) "Ábhar iontais a bheidh ionainn do na haoiseanna atá le teacht, díreach mar is ábhar iontais anois muid faoi láthair." (Túicídidéas, *Stair Chogadh na Peilipinéise*)

(a) De réir Pheiricléas ina óráid sochraide, cén fáth a bhfuil meas tuillte ag cathair na hAithine? (40)

(b) Dar leatsa, an mbeadh na focail a labhair Peiricléas le gaolta na marbh ina n-ábhar sóláis? Déan tagairt don oráid mar thacaíocht le do fhreagra. (10)

(iii) "Is cinnte gurb é an cath is mó a tharla le fada i measc na stát Heilléanach agus ba iad na cathracha ba cháiliúla sa Ghréig a throid é." (Túicídidéas, *Stair Chogadh na Peilipinéise*)

(a) Tabhair cuntas ar Chath Mantinea (418 - 417 RC). (40)

(b) Déan cur síos ar na dála athraithe sa Pheilipinéis mar thoradh ar an gcath. (10)

(iv) (a) Cén fáth ar dhaingnigh na hAithnigh an teampall ag Delium in 424 RC? (15)

(b) Déan cur síos gearr ar an gcath ina dhiaidh sin ag Oropus. (25)

(c) Conas a athghabh na Béóitigh an teampall ag Delium? (10)

---

**Topaic 2. Alastar Mór. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Is é a scríobhann Arrian maidir le hAlastar "nach bhféadfadh sé diúltú do ghlanphléisiúr an chatha, dála na bhfear eile nach féidir leo diúltú do phléisiúir eile."
Déan an ráiteas seo a phlé agus tagairt agat do ghníomhréim Alastair. (50)

(ii) Labhair Alastar lena chuid oifigeach ag abhainn Hyphasis mar seo a leanas:

"Tugaim faoi deara, a dhaoine uaisle, nuair ba mhian liom sibh a threorú ar aghaidh ar fhiontar nua nach leanann sibh a thuilleadh mé leis an meanma a bhíodh agaibh. D'iarr mé oraibh bualadh liom le gur féidir linn teacht tar chinneadh le chéile: an bhfuilimid le bogadh ar aghaidh de réir mo chomhairle-sa, nó le casadh ar ais de réir bhur gcomhairle-ne?" (Arrian, *Feachtais Alastair*)

(a) Cad iad na príomhargóintí a rinne Coenus ar son casadh ar ais? (35)

(b) Cad is dóigh leat den chaoi a ndeachaigh sé i gcion ar Alastar nuair a dhiúltaigh a chuid fear dul ar aghaidh isteach san India? (15)

(iii) (a) Déan cur síos ar conas a bhuail Alastar bob ar an gceannasaí Indiach Porus agus gur éirigh leis an abhainn Hydaspes a thrasnú. (15)

(b) Tabhair cuntas ar Chath Hydaspes. (25)

(c) Dar leatsa, cén fáth ar chaith Alastar chomh maith sin le Porus i ndiaidh an chatha? (10)

(iv) (a) Bunaithe ar a bhfuil léite agat de shaothar Arrian agus de shaothar Phlútairc, tabhair cuntas ar an gcaoi ar chaith Alastar le mná. (35)

(b) Cad a cheapann tú faoi dhearcadh Alastair ar na mná? (15)

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Bunaithe ar a bhfuil léite agat de shaothar Chatullus, cad iad na príomhthéamaí ina chuid filíochta? (25)

(b) Cad a léiríonn dánta Chatullus maidir lena charachtar? (15)

(c) Dar leatsa, an dtaitníonn a chuid dánta leis an léitheoir nua-aimseartha? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(ii) "Ba cheart an cuspóir céanna a bheith ag gach uile dhuine: leas an duine aonair a dhéanamh comhionann le leas an uile dhuine." (Ciceareó, *Conas Cinneadh Ceart a Dhéanamh*)

(a) In *Conas Cinneadh Ceart a Dhéanamh*, cad iad na hargóintí a úsáideann Ciceareó mar thacaíocht leis an ráiteas seo? (30)

(b) Tugann Ciceareó samplaí de bheirt fhear, duine díobh ag díol arbhair le Ródas, agus a theach á dhíol ag an duine eile agus a fhios aige féin amháin go bhfuil lochtanna áirithe ar an teach. An aontaíonn tú le tuairim Chiceareó faoi iompar na bhfear seo? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iii) Déan tábhacht oifig an treabhainn i bpolaitíocht Phoblacht Dhéanach na Róimhe a phlé. Déan tagairt do na téacsanna dualgais mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iv) "… ba ghné shuntasach dá fheachtas in aghaidh na Breataine í an dásacht." (Plútarc, *Beatha Chaesair*)

(a) Tabhair breac-chuntas ar na deacrachtaí a bhuail le Caesar ina chuid ionraí ar an mBreatain. (35)

(b) Cén léargas ar charachtar Chaesair a thugann cuntas Phlútairc dúinn ar na hionraí sin? (15)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) "… ansin a thosaigh an dóiteán ba scriosaí a tharla sa Róimh riamh." (Tacatas, *Annála*)

(a) Déan cur síos ar dhóiteán mór na Róimhe. (30)

(b) Cad is dóigh leat faoi iompar Néaró le linn an teagmhais seo? (20)

(ii) Le linn na dtrialacha tréasa, léirigh Tiberius na tréithe ba mheasa a bhí aige.

Déan an ráiteas seo a phlé. Déan tagairt don ábhar dualgais mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iii) Is scríbhneoir coinsiasach é Tacatas a chuir go cruinn le cúrsaí staire. Siamsaíocht amháin atá i saothar Shéatóinias.

Déan an ráiteas seo a phlé. Déan tagairt do na téacsanna dualgais mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(iv) Dúradh go raibh Claudius faoi smacht le linn a réime ag fir shaortha agus ag mná céile.

Déan an breithiúnas seo a phlé agus tagairt agat don ábhar dualgais. (50)

---

**GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7**

## Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach. [100]

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Sa dráma *Proiméitéas Faoi Laincis* le hAescaileas, cad iad na tréithe atá ag Proiméitéas a léiríonn gur laoch traigéideach é? (50)

(ii) Déan plé ar an tuairim go léiríonn Éideapús sa dráma *Éideapús Rí* le Sofaicléas, na tréithe go léir a bhaineann le bleachtaire mór. (50)

(iii) Ina dhráma *Méidé*, léiríonn Eoiripidéas tuiscint mhaith ar an tsícé bhaineann sa chuntas a thugann sé ar raon de charachtair bhaineanna.

Déan an ráiteas seo a phlé. (50)

(iv) (a) Déan dearcadh Arastafainéis ar Eoiripidéas ina dhráma *Froganna* a phlé. (30)

(b) Cén fáth ar roghnaíodh Aescaileas faoi dheireadh mar an file a bhí le tabhairt ar ais go dtí an Aithin? (20)

---

## Topaic 6. An Eipic Ársa. [100]

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Déan comparáid idir carachtar Medb sa *Táin* agus carachtar Phéinealaipé san *Odaisé* le Hóiméar. (50)

(ii) Déan an dearcadh a phlé gurb iad an grá agus an ceart lárthéamaí an *Odaisé* le Hóiméar. (50)

(iii) "…mothaítear go láidir láithreacht agus pearsantacht na Róimhe san *Aeinéid*." (Camps)

Conas a chuireann Veirgil mórgacht agus dán na Róimhe in iúl do léitheoir an *Aeinéid*? (50)

(iv) Cuir cuairt Aeinéis ar an Domhan Thíos san *Aeinéid* le Veirgil, Leabhar 6, i gcomparáid agus i gcodarsnacht le cuairt Odaiséas ar an Domhan Thíos san *Odaisé* le Hóiméar, Leabhar 11. (50)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Déan trácht ar fhéith an ghrinn a léiríonn Horáit sna sleachta as na h*Aortha* (*An Leadránaí, Turas go Brundisium, Luch an Bhaile Mhóir agus Luch na Tuaithe*). (50)

(ii) "Tá de bhua suntasach tairbheach ag an stair go gcuireann sí a cuid ceachtanna éagsúla go léir ar taifead go lonrach dár n-aire." (Livias*, Brollach*)

Léirigh conas mar a úsáideann Livias scéalta as stair na Róimhe chun suáilcí an tírghrá agus an mhisnigh a aibhsiú. Déan tagairt i do fhreagra do na sleachta as Livias ar do chúrsa. (50)

(iii) (a) In *Amhrán Shilenus* as na h*Eaclóga* le Veirgil, déan cur síos ar conas a chuir na Saitirí iallach ar a n-athair Silenus "an t-amhrán a bhí geallta dóibh" a thabhairt dóibh. (15)

(b) Conas a líonn Veirgil an cuntas seo le greann séimh? (20)

(c) Déan trácht go hachomair ar chuntas Shilenus faoi chruthú an domhain. (15)

(iv) Bunaithe ar na dánta dualgais atá léite agat, déan mionscrúdú ar chaidreamh Propertius le Cynthia. (50)

---

**GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** an vása ar a dtugtar "Vása François."

(a) Cén t-ainm a thugtar ar an gcineál seo vása? (5)

(b) Ainmnigh an potaire a rinne an vása seo. (5)

(c) Déan trácht ar an ábhar atá léirithe agus ar mhaisiúchán an vása seo. (25)

(d) Mínigh go hachomair an difríocht idir na vásaí rua-fhíoracha agus na vásaí dubhfhíoracha. (15)

(ii) Léiríonn **Fótagraf B** ar **Pháipéar X** amharclann Ghréagach.

(a) Cá bhfuil an amharclann seo suite? (5)

(b) Sainaithin na ceantair atá marcáilte **a**, **b**, agus **c**. Luaigh go hachomair feidhm gach ceann de na ceantair sin. (20)

(c) Cén sórt léirithe a tharla in amharclanna dá leithéid? (5)

(d) An aontófá le Richter nuair a deir sí "go raibh an halla … compordach agus praiticiúil araon ó thaobh pleanála de". Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

(iii) Léiríonn **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** an Kouros ó Anavysos.

(a) Cén tréimhse den dealbhóireacht Ghréagach lena mbaineann an dealbh seo? (5)

(b) Cén cuspóir a bhí ag dealbha dá leithéid? (10)

(c) Cad iad na bealaí ina léiríonn an dealbhóireacht seo forbairt ar an dealbhóireacht ó thréimhsí níos luaithe? (35)

(iv) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** dealbhóireacht ón tréimhse Heilléanach.

(a) Cad a léirítear sa dealbhóireacht seo? (5)

(b) Bain úsáid as **Fótagraf D** le léiriú cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbhóireacht seo ina sampla tipiciúil den dealbhóireacht Heilléanach. (30)

(c) Mínigh cén difríocht atá idir an dealbhóireacht chlasaiceach agus dealbhóireacht na tréimhse Heilléanaí. (15)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Sa Réamhrá le *An Phoblacht* le Platón, fiafraíonn Sócraitéas de Cephalus an am deacair í an tseanaois nó nach ea.

(a) Tabhair breac-chuntas ar fhreagra Cephalus ar cheist Shócraitéas. (20)

(b) De réir Cephalus, cén tairbhe a bhaineann leis an saibhreas de réir mar a dhruideann duine le deireadh a shaoil? (15)

(c) Cad is dóigh leat de thuairimí Cephalus maidir le tairbhe an tsaibhris agus an duine ag druidim le deireadh an tsaoil? (15)

(ii) (a) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar an *An Phoblacht* le Platón, déan cur síos ar Shamhail na Pluaise. (30)

(b) Tabhair míniú ar chiall na Samhla. (20)

(iii) (a) Dar le Platón, cén áit ba cheart a bheith ag an gcorpoideachas in oideachas na gCosantóirí? (20)

(b) Cad iad tuairimí Phlatón maidir leis an ngaol idir an taobh fisiceach agus an taobh intleachtach den oideachas? (20)

(c) An aontaíonn tú le tuairim Phlatón maidir le tábhacht an chorpoideachais? (10)

(iv) Deisceabal dílis d'fhealsúnacht Phlatón a bhí i nDíón. Dar leatsa, ar tháinig iompar Dhíón i Sioracús leis an bhfealsúnacht sin? Déan tagairt i do fhreagra do *Bheatha Dhíón* le Plútarc. (50)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** plean Trier (Augusta Treverorum) sa Ghaill Rómhánach.

(a) Sainaithin na gnéithe a léirítear ag **c, d, e, g** agus **1**. (15)

(b) Cén fhianaise atá ann a thabharfadh le tuiscint gur chathair thábhachtach shaibhir í Trier? (25)

(c) Déan cur síos go hachomair ar an bhfoirgneamh in Trier ar a dtugtar an Aula Palatina. (10)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** plean de na Folcadáin Staibiacha ag Poimpé. Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** plean Fholcadán Hadrian ag Leiptis Mhór.

(a) Bain úsáid as an dá phlean agus cuir na Folcadáin Staibiacha agus Folcadáin Hadrian i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile. (30)

(b) Déan cur síos go hachomair ar an gcóras téimh a bhí in úsáid sna folcadáin Rómhánacha. (10)

(c) Conas a chuir na folcadáin Rómhánacha le forbairt úsáid na háirse? (10)

(iii) Déan staidéar ar **Fhótagraf H** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) Cad iad na bealaí ina bhfuil an dealbh seo ina sampla tipiciúil den dealbhóireacht phortráideach Rómhánach? (40)

(b) Cad a insíonn an dealbhóireacht seo dúinn faoi nósanna teaghlaigh na Rómhánach? (10)

(iv) Léiríonn **Fótagraf I** ar **Pháipéar X** múrdhathadóireacht ó Herculaneum.

(a) Cén stíl den mhúrdhathadóireacht Rómhánach lena mbaineann an pictiúr seo? (5)

(b) Cad iad na gnéithe den dathadóireacht seo atá ina samplaí tipiciúla den stíl seo? (35)

(c) Cad iad na gnéithe den dathadóireacht a léiríonn tionchar na hamharclainne? (10)

Leathanach Bán

Leathanach Bán